2. Maidir le hAirteagal 6(a) de Threoir 2016/680 agus Airteagail 47 agus 48 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

   ní mór léiriú a dhéanamh ar forálacha sin mar a leanas:ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, má dhiúltaíonn an duine atá cúisithe i gcion d'aon ghnó atá faoi réir ionchúiseamh *ex officio* comhoibriú go deonach le bailiú na sonraí bithmhéadracha agus géiniteacha a bhaineann leis chun iad a chlarú, nach mór don chúirt choiriúil a bhfuil dlínse aici beart lena bhforghníomhófar a mbailiú a údarú, gan an chumhacht a mheasúnú an bhfuil forais thromchúiseacha ann chun a chreidiúint go ndearna an duine lena mbaineann an cion a bhfuil sé cúisithe ina leith, ar choinníoll go ráthaíonn an dlí náisiúnta ina dhiaidh sin athbhreithniú breithiúnach éifeachtach ar na coinníollacha a bhaineann leis an gcúiseamh sin, as a dtagann an t-údarú chun du lar aghaidh leis an mbailiúchán sin.

3. Maidir le hAirteagal 10 de Threoir 2016/680, arna léamh i dteannta Airteagal 4(1)(a) go (c) agus Airteagal 8(1) agus (2) de,

   ní mór léiriú a dhéanamh ar an bhforáil sin mar a leanas:

   cuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear do bhailiú córasach sonraí bithmhéadracha agus géiniteacha aon duine a chúisítear i gcion d'aon ghnó atá faoi réir ionchúiseamh *ex officio* chun iad a chlarú, gan oibleagáid a leagan síos ar an údarás inniúil a fhíorú an bhfuil fíorghá lena mbailiú ar dtús chun na cuspóirí sonracha atáthar a shaothrú a bhaint amach agus a thaispeáint, agus ar an dara dul síos, nach féidir na cuspóirí sin a bhaint amach trí bhearta arb é is lú an cur isteach orthu ar chearta agus ar shaoirsí an duine lena mbaineann.

(1) IO C 252, 28.6.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 31 Eanáir 2023 – an Coimisiún Eorpach v Anthony Braesch agus páirtithe eile**

**(Cás C-284/21 P)** (1)

***(Achomharc – Státchabhair – Airteagail 107 agus 108 CFAE – Cabhair um athstruchtúrú – Earnáil na baincéireachta – Céim an réamhscrúdaithe – Cinneadh lena ndearbhaítear go bhfuil an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach – Plean um athstruchtúrú – Gealltanais arna ndéanamh ag an mBallstát lena mbaineann – Bearta comhroinnte ualaigh – Fofhiachas a chomhshó ina chothromas – Sealbhóirí bannaí – Caingean le haghaidh neamhniú – Inghlacthacht – An ceathrú mír d'Airteagal 263 CFAE – Locus standi – Duine nádúrtha nó dlítheanach a bhaineann go díreach agus go leithleach leo – Sárú ar chearta nós imeachta na bpáirtithe leasmhara – Mainneachtain an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh – Airteagal 108(2) CFAE – An coincheap "páirtithe lena mbaineann" – Rialachán (AE) 2015/1589 – Airteagal 1(h) – An coincheap "páirtí leasmhar" – Bearta náisiúnta arna gcur san áireamh ag an gCoimisiún Eorpach – Neamh-inghlacthacht na caingne)***

(2023/C 94/04)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: K. Blanck agus A. Bouchagiar, i gcáil Gníómhairí)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Anthony Braesch, Trinity Investments DAC, Bybrook Capital Master Fund LP, Bybrook Capital Hazelton Master Fund LP agus Bybrook Capital Badminton Fund LP (ionadaithe: A. Champsaur, avocate, agus G. Faella, L. Prosperetti agus M. Siragusa, avvocati)

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 24 Feabhra 2021, Braesch agus páirtithe eile v an Coimisiún (T-161/18, EU:T:2021:102), ar neamhní.

2) Diúltaítear don chaingean arna tabhairt ag an gcéad chéim ag Anthony Braesch, Trinity Investments DAC, Bybrook Capital Master Fund LP, Bybrook Capital Hazelton Master Fund LP agus Bybrook Capital Badminton Fund LP, chun Cinneadh C(2017) 4690 final ón gCoimisiún an 4 Iúil 2017 maidir le Státchabhair SA.47677 (2017/N) – an Iodáil, cúnamh nua agus plean athstruchtúraithe leasaithe Banca Monte dei Paschi di Siena, toisc í a bheith neamh-inghlactha.

3) Ordaítear do Anthony Braesch, Trinity Investments DAC, Bybrook Capital Master Fund LP, Bybrook Capital Hazelton Master Fund LP agus Bybrook Capital Badminton Fund LP na costais arna dtabhú ag an Coimisiún a bhaineann leis na himeachtaí ag an gcéad chéim agus leis na himeachtaí achomhairc, chomh maith lena gcostas féin, a íoc.

(1) IO C 252, 28.06.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Tríú Dlísheomra) an 26 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Consiliul Național de Soluționare a Contestațiilor – an Rómáin) – SC NV Construct SRL v Județul Timiș**

**(Cás C-403/21, (1) NV Construct)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 267 CFAE – Coincheap "cúirt nó binse náisiúnta" – Critéir – Neamhspleáchas agus cineál éigeantach dhlínse an chomhlachta náisiúnta lena mbaineann – Cobhsaíocht chomhaltaí an chomhlachta sin – Treoir 2014/24/AE – Nósanna imeachta um sholáthar poiblí – Airteagal 58 – Critéir roghnúcháin – Féidearthacht oibleagáidí faoi rialacháin speisialta is infheidhme maidir leis na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gconradh atá i gceist a áireamh, i measc na gcritéar sin, agus nach bhfuil leagtha amach mar chritéar roghnúcháin sna doiciméid soláthair – Airteagal 63(1) – Tairisceoir a bhraitheann ar chumais eintitis eile chun ceanglais an údaráis chonarthaigh a chomhlíonadh – Dodhéanta úsáid na fochonraitheoireachta a fhorchur)***

(2023/C 94/05)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiliul Național de Soluționare a Contestațiilor

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* SC NV Construct SRL

*Cosantóir:* Județul Timiș

*Idiragraí:* SC Proiect – Construct Regiunea Transilvania SRL

**An chuid oibríochtúil**

1. Maidir le hAirteagal 58 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/C, arna léamh i gcomhar le prionsabail na comhréireachta agus na trédhearcachta a ráthaítear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 18(1) den Treoir sin,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   Féadfaidh an t-údarás conarthach oibleagáidí a eascraíonn as rialacháin speisialta is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith le déanamh i gcomhthéacs chomhlíonadh conartha phoiblí agus nach bhfuil tábhacht shuntasach leo a fhorchur mar chritéir roghnúcháin.

2. Maidir le prionsabail na comhréireachta agus na trédhearcachta a ráthaítear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 18(1) de Threoir 2014/24,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuirtear cosc ar dhoiciméid soláthair réamhchlaonta a fhorlíonadh go huathoibríoch le critéir cháilíochta a eascraíonn as rialacháin speisialta is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gconradh atá le dámhachtain nach raibh leagtha amach sna doiciméid soláthair agus ar chinn an t-údarás conarthach gan iad a fhorchur ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann.

3. Maidir le hAirteagal 63(1) de Threoir 2014/24,